Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10603 — CARLYLE / ALTADIA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 87/04)

1. An 14 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Carlyle Group Inc. (USA) (ina dhiaidh seo, "Carlyle"),

— LSFX Flavum Topco, S.L. (An Spáinn) (ina dhiaidh seo, "Altadia"), cuideachta atá á rialú ag Lone Star Funds (SAM) faoi láthair trína chuideachta sealbhaíochta LSF10 Flavum Holdings S.à.r.l (Lucsamburg).

Gheobhaidh Carlyle rialú aonair ar Altadia ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Carlyle a bhainistíonn cistí lena ndéantar infheistíocht go domhanda sna trí smacht infheistíochta seo a leanas: (i) Cothromas Príobháideach Domhanda; (ii) Creidmheas Domhanda; agus (iii) Réitigh Infheistíochta);

— Tá Altadia ag gabháil d'fhorbairt, táirgeadh agus margaíocht earraí idirmheánacha tíleanna ceirmeacha le haghaidh tíleanna ceirmeacha a úsáidtear san earnáil foirgníochta (*i.e.*, in urláir, ballaí agus cuntair).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10603 — CARLYLE / ALTADIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").